

ORDÓGA AN GHLIOMAIGH

Is measa an ordóg bheag ná an ordóg mhór. Tá fiacra beaga géara innte agus tá sí i ndon gearradh ar nós na sgeine.

Má fhágann gliomach greim ar mo mhéir agus má fhágaim an mhéir aige sgaoilfidh sé greim go tobann. Tá sé sin an-deacair agus tú gortuighthe. Má shíleann tú an mhéir a tharraingt uaidh sin é an t-am a bhfuil sé a' gul a' fáisgeadh i gceart. Ghearrfadh an ordóg bheag an mhéir treasna. Sé an chaoi a mbruighfeadh an ordóg mhór an fheoil. Tá sí maol. Ní fhaca mé dhá ordóg ghliomaigh ariamh mar a chéile, ach ceann beag agus ceann mór. Is féidir le gliomach an da ordóg a sgaoileadh dhe.

I ndiaidh a rubail a theigheas an gliomach síos sa mbearrach. Nuair a bhíos sé a' snámh bíonn na hordóga sínte amach roimhe agus buailte ar a chéile. Sa bhfóghmhar is fearr an portán bainneann agus sa ngeimhreadh an portán fireann. Sa bhfóghmhar a bhíos na heochraigh sa bportán bainneann, chuile mhí den fhóghmhar ó caithtear an chéad mhí den fhóghmhar. Tá sé so-ithte san am a mbíonn na heochraigh innte agus folláin.

Tá na portáin ag cur an ghliomadóra go mór i ndiaidh a chúil. Tiocfaidh portán i mo chuid potaí anocht agus íosfaidh sé na baoití agus ní leigfidh siad na gliomaigh isteach ins na potaí. Tiocfaidh fear eile san oidhche i mbárach agus gabhfaidh sé doisín gliomach san áit chéadna. Beidh na portáin gabhtha agamsa.

Cothuigheann na ribeacha róibéis i locháin a mbíonn cuimse caoinigh ag fás ar na clocha. Bíonn siad i bhfolach faoin gcaonach.

Táthú—focal é seo atá an-cheart. Cialluigheann sé an áit a mbíonn ribe róibéis. An áit a dtáithuigheann ribe róibéis bíonn leitheoga ann. Bíonn siad seasta san áit a dtáithuigheann siad.

Tá an cluaisín dearg ar na beirtreacha agus níl sé i bhfastódh de thada ach ach ar nós mar atá an t-oistre. Tá an cluaisín glas i bhfastódh de chloch. Ní mór nach mar a chéile an dá thaobh de. Tá beagán cruite ar thaobh de ach is beag é.

Tá an muirín tuithe sa láib agus an taobh leathan os a chionn agus an taobh a bhfuil cruit air faoi.

Fosglóchaidh an muirín an dá shliogán. Buailfidh sé an dá cheann ar a chéile agus tá sé bunáite coisméige leis an iarraidh sin.

Sligín sleamach – i bhfastódh ar chloch. Poll ann i ngar dá chluais. Blas searbh air. Ní hé an t-oistre cloch é.

Nuair a mheathas tú téirigh ag iasgach. A spáint go raibh an lá curtha amú agat. Ní dhubhairt an t-iasg e sin ach tear indiu agus tear i mbárach. Mara mbainidh tú an sgian mhara sgafánta tá sí rithe. Tá an breallach ar an mbealach céadna.

Thug Tadhg na Buile soitheach as Árinn agus chuir sé ar phaiste talmhan in aice leis an gcaisleán. Bhí a shliocht air, níl aon lá nach mbíonn an féar glas air nuair a bhíos gach áit eile lom.

Lacha ar Abhainn na Sgríbe

(Lá Fhéil Brighde 38)

Muineál uaine loinnreach

Ar dhath an úirfhéir

Brollach agus druim donn

Sgiatháin agus taobhanna airgead-ghlas.

Is maith an bharamhail go raibh seol ar an mbád a bhí ag Tadhg na Buile. Níl fhios agam cén bhairrinn a bhí ar an sgéal.